Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2021
(OR. en)

9048/21

LIMITE

COMPET 387
MI 379
JAI 586
TELECOM 221
CT 71
PI 40
AUDIO 57
CONSOM 124
CODEC 746

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0361(COD)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8150/21 |
| Ábhar: | Ábhar neamhdhleathach ar líne a chomhrac i gcomhthéacs an togra le haghaidh na hIonstraime um Sheirbhísí Digiteacha<br>– Díospóireacht bheartais |

## I. Cúlra agus staid na himeartha

An 15 Nollaig 2020, thíolaic an Coimisiún an pacáiste tograí, lena n-áirítear an togra le haghaidh Rialachán maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha[1] – DSA) agus an togra le haghaidh Rialachán maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach (an Ionstraim um Margaí Digiteacha[2] – DMA).

1 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/ga/TXT/?qid=1608117147218&uri=COM%3A2020%3A825%3AFIN
2 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/ga/TXT/?qid=1608116887159&uri=COM%3A2020%3A842%3AFIN

Tugadh an chéad léamh ar an togra le haghaidh ionstraim um sheirbhísí digiteacha chun críche le déanaí sa Mheitheal um Iomaíochas agus Fás, ina raibh sí á scrúdú ó mhí na Nollag 2020 i leith. Tá forchoimeádas grinnscrúdaithe maidir leis an téacs fós ag formhór na dtoscaireachtaí. Cuireadh tuarascáil ar dhul chun cinn faoi bhráid na Comhairle Iomaíochais an 27 Bealtaine 2021, agus meastar go n-eiseofar an chéad athdhréachtú ar an téacs ón uachtaránacht i ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar an gcéad bhabhta de bharúlacha ó na Ballstáit i mí an Mheithimh.

Tá forálacha atá an-tábhachtach do réimse an cheartais sa togra le haghaidh ionstraim um sheirbhísí digiteacha. Tarraingítear anuas leis an cheist maidir leis an gcothromaíocht cheart idir ábhar neamhdhleathach a bhaint agus cearta bunúsacha, go sonrach an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, mar a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Áirítear leis freisin rialacha maidir le hábhar neamhdhleathach ar líne[3] a bhaint agus coimircí d'úsáideoirí ar scrios soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha a n-ábhar go hearráideach. Dá réir sin, is é is aidhm leis athrú a chur chun cinn sa chóras chun ábhar a mheastar a bheith neamhdhleathach a bhrath agus a bhaint agus leagtar amach ann oibleagáidí díchill chuí do sholáthraithe seirbhíse chun a áirithiú go bhfuil nósanna imeachta éifeachtacha i bhfeidhm chun ábhar neamhdhleathach a chomhrac agus chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sistéamacha i gcás ardáin an-mhór.

Is gné thábhachtach eile den togra é an comhar níos dlúithe le húdaráis phoiblí inniúla agus eatarthu, agus ar na gnéithe eile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do réimse an cheartais tá críochachas, dlínse agus éifeachtaí trasteorann, agus an gaol agus an idirghníomhaíocht idir an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha agus ionstraimí eile atá ann cheana (mar shampla, Rialachán (AE) 2021/784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena dtugtar aghaidh ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne agus na dréacht-ionstraimí r-fhianaise, chomh maith le Treoir 2011/93/AE an 13 Nollaig 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac).

Is sa chomhthéacs sin a chinn Uachtaránacht na Portaingéile ar an gComhairle an togra le haghaidh ionstraim um sheirbhísí digiteacha a áireamh mar ítim ar chlár oibre fhíschomhdháil neamhfhoirmiúil na n-airí dlí agus cirt, a bhí ar siúl an 11 Márta 2021. Ar an ócáid sin, mheas roinnt Ballstát gur ghá comhoibriú go dlúth leis na struchtúir iomaíochais, ionas go dtabharfar aghaidh go leordhóthanach ar fhorálacha atá ábhartha don cheartas le linn na caibidlíochta. Chinn an uachtaránacht go raibh sé ríthábhachtach go leanfadh snáithe Cheartais agus Gnóthaí Baile na Comhairle an díospóireacht atá ag dul ar aghaidh faoi láthair.

3 ciallaíonn 'ábhar neamhdhleathach' aon fhaisnéis nach bhfuil, as féin nó trína thagairt do ghníomhaíocht, lena n-áirítear díolachán táirgí nó soláthar seirbhísí, i gcomhréir le dlí an Aontais nó dlí Ballstáit, gan beann ar ábhar beacht nó cineál an dlí sin (Airteagal 2(g)).

Ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí ag an gCoiste Comhordúcháin i réimse an chomhair póilíneachta agus bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla an 10 Bealtaine 2021, tharraing an uachtaránacht aird ar an tábhacht mhór a ghabhann leis an togra le haghaidh ionstraim um sheirbhísí digiteacha i réimse an cheartais agus gnóthaí baile. Rinneadh plé tairbheach ar shaincheisteanna reatha maidir le horduithe chun gníomhú in aghaidh ábhar neamhdhleathach agus orduithe chun faisnéis a sholáthar (Airteagail 8 agus 9 den togra) agus chun fógra a thabhairt i ndáil le hamhras faoi chionta coiriúla (Airteagal 21 den togra). Bhí na toscaireachtaí den tuairim go bhféadfadh sé a bheith úsáideach na rialacha a chumhdaítear in Airteagail 8 agus 9 a shoiléiriú agus chuir siad chun suntais gur gá a áirithiú go mbeadh foclaíocht an rialacháin atá beartaithe soiléir do na geallsealbhóirí go léir maidir leis an tionchar a bheadh aige ar an gceartas coiriúil. I dtaca leis an bpointe sin, is é a dúirt an Coimisiún gur *lex generalis* é an rialachán atá beartaithe agus go bhfuil coinníollacha agus ceanglais na n-orduithe a leagtar síos ann gan dochar d'ionstraimí eile an Aontais lena n-áirítear i réimse an cheartais choiriúil, agus go bhforáiltear ann do chórais chomhchosúla chun gníomhú in aghaidh cineálacha sonracha ábhar neamhdhleathach nó chun faisnéis a sholáthar in earnálacha sonracha (Airteagail 1(5), 8(4) agus 9(4)). Thairis sin, cháin a lán toscaireachtaí foclaíocht Airteagal 21 agus thug siad dá n-aire nach bhfuil sainmhíniú sa dréacht-Rialachán ar an gcoincheap 'cionta tromchúiseacha lenar bhain bagairt do shaol nó do shábháilteacht daoine' agus go bhféadfadh éiginnteacht dhlíthiúil eascairt as sin.

Leagtar amach thíos staid na himeartha maidir leis na hábhair sin.

## II. Orduithe chun gníomhú in aghaidh ábhar neamhdhleathach agus orduithe chun faisnéis a sholáthar (Airteagail 8 agus 9)

Is é is cuspóir do na forálacha sin eilimintí íosta áirithe a bhunú nach mór a bheith san orduithe trasteorann (beidh feidhm ag na forálacha maidir le horduithe náisiúnta freisin) chun gníomhú in aghaidh ábhar neamhdhleathach nó chun faisnéis a thabhairt ar aird. Féadfaidh údarás inniúil i mBallstát na horduithe sin a sheoladh go díreach chuig soláthraí seirbhíse i mBallstát eile. Leis an togra le haghaidh ionstraim um sheirbhísí digiteacha cuirfear iallach freisin ar sholáthraithe seirbhíse an t-údarás eisiúna a chur ar an eolas faoin ngníomhaíocht a rinneadh. Ní fhoráiltear sa togra le haghaidh Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha do bhunús dlí chun an t-ordú a eisiúint ná chun forfheidhmiú an ordaithe a chur i bhfeidhm. D'fhéadfadh, dá bhrí sin, an bonn chun an t-ordú a eisiúint nó a fhorfheidhmiú teacht ó *lex specialis* an Aontais nó ón dlí náisiúnta. Áirítear sa togra le haghaidh ionstraim um sheirbhísí digiteacha rialacha comhchuibhithe maidir le cur i bhfeidhm na hoibleagáide atá ar sholáthraí idirghabhálacha seirbhísí aiseolas ar an ordú a sholáthar.

Ceistíodh cheana ar cheart féachaint ar spriocam a thabhairt isteach le haghaidh an cheanglais aiseolais sin, á chur san áireamh go mbeadh spriocamanna chun ábhar sonrach neamhdhleathach a bhaint, nó spriocamanna chun mír shonrach faisnéise a tháirgeadh faoi réir na ndlíthe bunúsacha náisiúnta agus dhlíthe bunúsacha an Aontais (a d'fhéadfadh a bheith an-éagsúil, ag brath ar an gcineál ábhair nó dlí atá i gceist).

Pléadh freisin arbh iomchuí é a dhéanamh éigeantach do sholáthraithe seirbhíse na horduithe sin a leanúint. Tugadh ar aird freisin, áfach, go bhféadfadh orduithe den chineál sin a bheith ceangailteach cheana féin trí reachtaíocht *lex specialis* nó tríd an dlí náisiúnta agus go bhféadfadh sé nach é an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha an ionstraim cheart le haghaidh forálacha cumhachtaithe den sórt sin i bhfianaise a cineáil chothrománaigh. Féadfar roinnt de na ceisteanna a ardaíodh a réiteach trí dhréachtú níos soiléire a dhéanamh ar na forálacha achtacháin agus ar na haithrisí sa togra le haghaidh ionstraim um sheirbhísí digiteacha.

Go háirithe, leis na hábhair imní a luadh maidir leis an tionchar beacht a bheadh ag an gclásal 'gan dochar' i ndáil leis an dlí nós imeachta coiriúil náisiúnta i gcomhréir le dlí an Aontais dá bhforáiltear in Airteagail 8(4) agus 9(4), taispeántar go bhféadfaí dréachtú córais nua orduithe a shoiléiriú a thuilleadh chun a áirithiú nach ndéanfar difear d'ionstraimí an Aontais atá ann cheana i réimse an chomhair bhreithiúnaigh i dtaca le gníomhaíochtaí in aghaidh ábhar neamhdhleathach.

D'áitigh roinnt toscaireachtaí freisin gur gá a shoiléiriú nár cheart feidhm a bheith ag Airteagal 9 maidir le horduithe chun fianaise a thabhairt ar aird agus orduithe caomhnaithe mar a moladh sa dréacht-Rialachán maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in ábhair choiriúla. Cé go ndéanann Airteagal 1(5) den togra le haghaidh ionstraim um sheirbhísí digiteacha soiléir é go measfar gur lex specialis an dréacht-Rialachán maidir le horduithe chun fianaise a thabhairt ar aird agus orduithe caomhnaithe, d'fhéadfaí a shoiléiriú go bhfuil Airteagal 9(4) gan dochar don rialachán sin freisin.

## III. Fógra i ndáil le hamhras faoi chionta coiriúla (Airteagal 21(1))

Foráiltear go sonrach soiléir le hAirteagal 21 DSA nach mór d'ardán ar líne na húdaráis forfheidhmithe dlí nó bhreithiúnacha lena mbaineann a chur ar an eolas go pras go bhfuil aon fhaisnéis is siocair le hamhras gur tharla cion tromchúiseach coiriúil lenar bhain bagairt do shaol nó do shábháilteacht daoine nó go bhfuil cion den sórt sin ag tarlú nó gur dóigh go dtarlóidh sé, agus go soláthróidh sé an fhaisnéis ábhartha uile.

Is ábhar imní an fhoráil seo freisin, is é sin maidir lena raon feidhme. Cuireadh ceisteanna an bhfuil bonn cirt réasúnta ann le hardáin bheaga agus micrea-ardáin ar líne a dhíolmhú ón oibleagáid na húdaráis inniúla a chur ar an eolas faoi chionta tromchúiseacha coiriúla lenar bhain bagairt do shaol nó do shábháilteacht daoine.

Ar an taobh eile, ní léiríonn an fhoclaíocht ach gur cheart na húdaráis a chur ar an eolas 'go pras', gan teorainn dhaingean ama a léiriú don oibleagáid faisnéise sin.

Thairis sin, d'fhéadfaí a mheas gur gá a shoiléiriú cé na 'cionta tromchúiseacha coiriúla lenar bhain bagairt do shaol nó do shábháilteacht daoine' a chumhdaítear leis an oibleagáid faisnéis a sholáthar, mar shampla trí liosta cionta ábhartha a thabhairt isteach nó trí shamplaí breise a thabhairt in aithris.

## IV. <u>Ceisteanna do na hairí</u>

I bhfianaise na saincheisteanna arna bplé thuas, iarrtar ar na hairí a dtuairimí a roinnt, ó thaobh an cheartais choiriúil de, maidir leis na ceisteanna seo a leanas:

a) **An measann tú gur cheart feabhsuithe a dhéanamh ar fhoclaíocht an togra le haghaidh ionstraim um sheirbhísí digiteacha chun na hábhair imní a sainaithníodh maidir le hAirteagail 8 agus 9 agus atá ábhartha do réimse an cheartais a chur san áireamh? Má mheasann, cad iad na gnéithe sonracha dár cheart foráil a dhéanamh?**

b) **Maidir le hAirteagal 21, an measann tú go bhfuil sé riachtanach, chun críocha an togra le haghaidh ionstraim um sheirbhísí digiteacha, raon feidhme na gcoincheap 'cionta tromchúiseacha coiriúla lenar bhain bagairt do shaol nó do shábháilteacht daoine,' agus 'go pras'?**